**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2024/2019(DEC)**

7.11.2024

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh – an Coimisiún don bhliain airgeadais 2023 (2024/2019(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Antonio Decaro

PA_NonLegBudDec

## TUAIRIM

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thogra le haghaidh cinneadh:

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di cur chun feidhme foriomlán an bhuiséid ag an gCoimisiún i réimsí an chomhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia in 2023;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair a dhéanann na cúig ghníomhaireacht dhíláraithe atá faoina sainchúram, a dhéanann cúraimí teicniúla, eolaíocha nó bainistíochta a chuidíonn le hinstitiúidí an Aontais beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réimse an chomhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia, chomh maith leis an gcaoi a gcuirtear buiséid na ngníomhaireachtaí sin chun feidhme; á chur i bhfáth, i bhfianaise scála agus thábhacht na gcúraimí atá orthu faoi láthair agus an mhéadaithe ar na freagrachtaí atá os comhair cuid acu, nach mór cistiú agus soláthar foirne leormhaith a ráthú do na gníomhaireachtaí agus d’Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin atá ag obair i réimsí an chomhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia;

***An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide***

3. á aithint gur tiomnaíodh thart ar EUR 160 billiún in 2023, timpeall ar 38 % de bhuiséad an Aontais, bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, do chuspóirí príomhshruthaithe aeráide, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Pleananna um Reachtóireacht Níos Fearr[1] chun 30 % ar a laghad de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)2021-27 a úsáid chun na críche sin; ag tabhairt dá haire go dtagann na ranníocaíochtaí is mó leis na caiteachais sin ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), ón gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus ó chláir an bheartais chomhtháthaithe; ag tabhairt dá haire gur cuireadh EUR 6,5 billiún breise i ndeontais ar fáil leis an gCiste don Nuálaíocht do thionscadail lena gcuirtear teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin chun cinn;

4. ag tabhairt dá haire gur ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a tháinig an ranníocaíocht ba mhó in 2023 leis an gcaiteachas is ábhartha don aeráid; sa chomhthéacs sin, á chur in iúl gur cúis bhuartha di tuarascáil bhliantúil 2023 ón gCúirt Iniúchóirí (an ‘Chúirt’) ina luaitear, cosúil le torthaí na mblianta roimhe sin, laigí i ndearadh beart agus i gcásanna garspriocanna agus spriocanna atá sainithe go doiléir, laigí i gcórais tuairiscithe agus rialaithe na mBallstát agus fadhbanna le hiontaofacht na faisnéise a chuir na Ballstáit san áireamh ina ndearbhú bainistíochta; ag tabhairt suntas freisin, agus é ina ábhar imní di, i dTuarascáil Speisialta Uimh. 14/2024 ón gCúirt, go dtugtar faoi deara go bhfuil easnaimh iomadúla i gcreat STA agus sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chomh maith le neamhréireachtaí i gcur chun feidhme na mbeart lena ndéantar amhras a tharraingt ar bhaint amach a cuspóirí aeráide agus comhshaoil, agus á chinneadh nach bhfuil

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/io.

rannchuidiú STA leis an aistriú glas soiléir;

5. á chur in iúl gur oth léi torthaí Thuarascáil Speisialta Uimh. 26/2023 ón gCúirt maidir le faireachán feidhmíochta STA, ina gcinntear go bhfuil garspriocanna agus spriocanna éagsúil ó thaobh uaillmhéine de agus go ndíríonn siad den chuid is mó ar aschur seachas ar thorthaí, nach gcumhdaítear gach gné d'fheidhmíocht STA leis na táscairí coiteanna a úsáidtear chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí STA, agus go bhfuil na sonraí a thuairiscítear teoranta agus go bhféadfadh sé nach bhfuil siad iontaofa;

6. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé grinnscrúdú cuí a dhéanamh ar chaiteachas aeráide i mbuiséad an Aontais, agus an Coimisiún a choinneáil cuntasach as modheolaíocht láidir agus iontaofa a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh i gcomhaontú CAI agus i mír 16d de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach;[2] á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí na Cúirte sna tuarascálacha ábhartha a leanúint chun meastachán níos fearr a dhéanamh ar chaiteachas aeráide faoi ionstraimí cistiúcháin a bheidh ann amach anseo, chun a áirithiú go ndéanfar ionstraimí cistiúcháin a bheidh ann amach anseo a dhearadh go leormhaith chun tacú leis na cuspóirí agus na spriocanna aeráide agus comhshaoil, chun feidhmíocht bhearta an aistrithe ghlais a fheabhsú agus chun tuairisciú cuimsitheach, comhsheasmhach, iontaofa agus trédhearcach ar chaiteachas aeráide faoi STA a áirithiú;

7. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di nár tugadh aghaidh fós ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le slándáil agus cosaint shásra clárlainne/oibriúcháin chóras an Aontais le haghaidh trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcoinne cibirionsaithe, agus go ndéantar forchoimeádas maidir leis an tsaincheist sin, a tuairiscíodh i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí (AARanna) ó 2010 i leith, a athrá arís i dTuarascáil Bhliantúil 2023 na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide;

8. ag tabhairt dá haire go ndearnadh thart ar EUR 20 billiún, timpeall ar 5 % de bhuiséad an Aontais, a thiomnú do chuspóir príomhshruthaithe na bithéagsúlachta, faoi chláir éagsúla e.g. CBT, an STA, cláir an bheartais chomhtháthaithe agus clár LIFE; ag tathant ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí na spriocanna 7.5 % do 2024 agus 10 % do 2027 maidir le príomhshruthú bithéagsúlachta a bhaint amach; á chur in iúl gur geal léi an nuashonrú ar an modheolaíocht rianaithe bithéagsúlachta lena n-áirítear caiteachas faoi CBT;

***Sláinte phoiblí***

9. ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 735 mhilliún buiséad an chláir EU4Health in 2023,

[2] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj?eliuri=eli%3Aagree_interinstit%3A2020%3A1222%3Aoj&locale=ga

clár arb é an phríomhionstraim airgeadais é chun tacú le tionscnaimh sláinte an Aontais, arna bhainistiú go príomha ag an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia agus ag an Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) agus arna chur chun feidhme tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú; ag aithint dhul chun cinn na dtionscnamh arna gcistiú faoin gclár sin, go háirithe i réimsí na hullmhachta i dtaca le héigeandálaí sláinte, an Phlean Sáraithe Ailse, na Straitéise Cógaisíochta don Eoraip agus i gcur chun feidhme reachtaíocht sláinte an Aontais;

10. ag tabhairt dá haire, in 2023, gur lean HERA, a bunaíodh in 2021, de líon a fhoirne a mhéadú agus dá oibríochtaí a leathnú; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag iarrachtaí HERA chun réidhe an Aontais agus a ullmhacht freagartha géarchéime a áirithiú le haghaidh éigeandálaí sláinte chomh maith lena rannpháirtíocht i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun ullmhacht dhomhanda, cosc agus brath éigeandálaí sláinte a mhéadú;

11. ag meabhrú ghealltúint an Choimisiúin athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar chur chun feidhme oibríochtaí HERA faoi 2025 agus machnamh a dhéanamh ar a struchtúr agus a rialachas a athrú, lena n-áirítear chun fíorghníomhaireacht ag a bhfuil buiséad uathrialach a dhéanamh de.

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ar bhonn na sonraí agus na dtuarascálacha atá ar fáil, gur féidir urscaoileadh a dheonú don Choimisiún i ndáil le caiteachas i réimsí an chomhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide, na sláinte poiblí agus na sábháilteachta bia don bhliain airgeadais 2023.

## ANNEX: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cháil mar Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.